

Halla Naomh Pádraig, Institiúid Oideachais Mairno
Ascaill Uí Ghriofa, Baile Átha Cliath 9, D09 K4P6, Éire
+353-1-853 5195
eolas@gaeleideachas.ie
www.gaeleideachas.ie


www.gaeleideachas.ie
Gaeleideachas
Guth don Oideachas, lín-Ghaisleige agus Gaelíochta

TUMOIDEACHAS SA BHUNSCOIL GHAELTACHTA: EOLAS DO THUISMITHEOIRÍ AGUS DO CHAOMHNÓIRÍ

Buntáistí an Tumoidachais

Cad is fíú an tumoidachas don pháiste?
Cad a deir an taighde in Éirinn agus go hidimáisiúnta?


Buntáistí cognaíocha



Líofacht agus litearthacht in dhá theanga



Muinín agus féiniúlacht



Gnóthachtáil san oideachas



Fianaise uait? Tuilleadh eolais maidir leis na buntáistí agus na tagairtí taighde lena mbatneam ar fáil ar www.gaeleideachas.ie

Ceisteanna Coitianta

Cén chaoi a gcuideann an dá bhliain luath-thumoidachais leis na cainteoirí dúchais?

- Saibhríonn sé a gcumas Gaeilge agus tógann sé air.
- Léidríonn sé a scileanna cumarsáide, tuiscéana, ceistiúcháin agus analíse.
- Bíonn sé níos éasca acu teangacha eile a fhoghlaim.

Cén chaoi a gcuideann an dá bhliain luath-thumoidachais le foghlaimoirí na Gaeilge?

- Cuirfeann sé bonn láidir faoina gcumas Gaeilge le go mbeidh siad in ann a gcuid scoláochta ar fad a dhéanamh trí Ghaeilge i mbealach níos éifeachtaí.
- Léidríonn sé a gcumas labhairt lena chéile trí Ghaeilge lasmuigh den seomra ranga.

An mbeidh sé deacair ar pháiste nach bhfuil aige ach Béarla ag tosú sa Scoil Ghaeltachta?

- Úsáidfidh na múinteoirí comharthaíocht choirp, pictiúir, gothai, agus tuin chainte chun brí a chur in iúl agus cumarsáid a dhéanamh leis na páistí. Úsáidfidh siad amhráin, frásaí úsáideacha, cantaireacht agus rímeanna chun na páistí a mhealladh agus a spreagadh.
- Píocann páistí suas teangacha go héasca.
- De réir a chéile, tosóidh na páistí ag úsáid na Gaeilge go nádúrtha faoi stiúir an mhúinteora.

An bhfuil tumoidachas lán-Ghaeilge oiriúnach do dhaití le riachtanais speisialta?

- Tá taighde ann a léiríonn go bhfuil sé chomh hoiriúnach céanna, fad is go bhfuil na tacaíochtaí cur ar fáil.
- Tá na buntáistí oideachais céanna sa tumoidachas do scoláirí le riachtanais speisialta.

Céard faoin mBéarla?

An mbeidh páistí na Ghaeltachta faoi mhíbhunáiste muna dtosaíonn siad ag foghlaim léitheoireacht agus scríbhneoireacht an Bhéarla go dtí tar éis na Natonáin Mhóra?

- I Rang a hAon, tosóidh siad ag foghlaim léitheoireacht agus scríbhneoireacht an Bhéarla. De réir an taighde idirnáisiúnta agus náisiúnta trasnóidh na scoilanna léitheoireachta agus scríbhneoireachta a d'fhoghlaim siad trí Ghaeilge go nádúrtha go dtí an Béarla.
- Úsáidfidh siad na scileanna atá foghlamtha acu sa Ghaeilge sa Bhéarla anois agus beidh sé níos éasca acu an Béarla a fhoghlaim.

Cén chaoi ar féidir le tuismitheoirí agus caomhnóirí cúnamh a thabhairt?

- Meon dearfach agus spreagúil a léiriú maidir leis an scoil agus an nGaeilge.
- An méid Gaeilge atá agat a úsáid le do pháiste sa bhaile agus ar scoil.
- Leas a bhaint as an acmhainn www.irishparents.ie a chabhroídh leat Gaeilge a labhairt le do pháiste agus tabhairt faoin obair bhaile.
- Do chuid páistí a chur chuig an naíonra áitiúil (más ann dó) chun go mbeidh tumadh breise acu sa Ghaeilge sula bhfreastalaíonn siad ar an scoil Ghaeltachta áitiúil.

Eagraíochtaí Pleanála Teanga

- Beidh ranganna agus imeachtaí cultúrtha agus sóisialta trí Ghaeilge á n-reagrú ag an gCoiste Pleanála Teanga áitiúil. Is féidir teagmháil a dhéanamh le Ujarás na Ghaeltachta chun eolas a fháil maidir le do Choiste Pleanála Teanga áitiúil : <http://www.udaras.ie/teagmhail/>

Buntáistí an Luath- Thumoidéachais Ghaeltachta don Dalta

- Is é an tumoidéachas an córas is oiriúnaí don scoláire ar bhí an Ghaeilge a theanga dhúchais, agus don fhoghlaimreoir atá ag foghlaim na Gaeilge.
- Is é an córas is fearr é chun an dara teanga a mhúineadh agus a fhoghlaim ar scoil.
- Beidh scoláirí na Gaeiltachta dáitheangach agus délfiteartha. Beidh siad iofa i nGaeilge agus i mBéarla agus beidh siad in ann léamh agus scríobh sa dá theanga.
- Cabhróidh sé leo chun teangacha eile a fhoghlaim.
- Beidh scileanna cumarsáide, tuisceana agus ceistíúcháin níos fearr acu.
- Beidh scoláirí na Gaeiltachta níos cumasaí chun tabhairt faoi dhreiseanna fostaithe sa Ghaeltacht, ar fud na hÉireann agus thar lear.

Céard é Tumoidéachas sa Bhunscoil Ghaeltachta?

Sna Náisiún Bheaga agus sna Náisiún Mhóra, is trí Ghaeilge amháin a bheidh daltaí ag foghlaim ón tús. Beidh siad ag caint, ag scríobh, ag foghlaim rannta, ag spraoi, ag cur lena stór focal agus frásaí Gaeilge. Foghlaimoidh siad a gcuid scileanna léitheoireachta agus scríbhneoireachta trí Ghaeilge. I ndiaidh na Náisiún Mhóra, tosódh siad ag foghlaim léitheoireacht agus scríbhneoireacht an Bhéarla. De réir an taighde idirnáisiúnta trasnóidh na scileanna léitheoireachta agus scríbhneoireachta a dh'fhoghlaim siad trí Ghaeilge go nádúrtha go dtí an Béarla.

Cúlra

Tá meascán teangacha anois sa phobal agus sa seomra ranga Gaeiltachta. Bíonn difríochtaí móra sa chaighdeán Gaeilge a bhíonn ag páistí ag teacht ar scoil. Is cainteoirí dúchais cuid acu ó theaghlaigh lán-Ghaeilge, bíonn beagán Gaeilge ag cuid eile agus bíonn roinnt páistí nach mbíonn aon Ghaeilge acu. Go minic dirítear an mhúinteoireacht ar an dalta is lú Gaeilge, ar mhaithe lena thabhairt go dtí caighdeán na ndaltaí eile sa rang ach sa chás sin tá an chontúirt ann nach mbeadh forbairt á déanamh ar an dalta a bhfuil Gaeilge ar a thoil aige.

Is é cur chuige an tumoidéachais atá leagtha amach mar chur chuige oideachais sa **bPolasáí don Oideachas Gaeiltachta 2017-2022**. Tá sé cruthaithe go hidirnáisiúnta gurb é seo an bealach is fearr chun caighdeán Gaeilge an chainteora dúchais agus an fhoghlaimora Gaeilge a threisiú. Cuideoidh an cur chuige seo leis an gcainteoir dúchais agus leis an bhfoghlaimreoir caighdeán aird oideachais a bhaint amach trí mheán na Gaeilge. Is léir dúinn go bhfuil ag éirí go han-mhaith leis an gcóras tumoidéachais sna scoileanna Gaeiltachta ina bhfuil sé i bhfeidhm cheana.

An Polasáí don Oideachas Gaeiltachta & Ardchaighdeán Oideachais

Tá an Polasáí don Oideachas Gaeiltachta á chur i bhfeidhm i scoileanna Gaeiltachta ó Mheán Fómhair 2017. Sna scoileanna atá ag a bheidh aitheanta mar scoileanna Gaeiltachta, beidh dhá bhliain den luath-thumoidéachas á chur i bhfeidhm iontu. Is í mórsprioc an Pholasáí:

“a chinntiú go bhfuil eispéireas oideachais archaighdeán agus ábhartha trí mheán na Gaeilge ar fáil do na daoine óga uile atá ina gcónaí i limistéir Ghaeltachta agus, ar an mbealach seo, tacú le húsáid na Gaeilge mar phríomhtheanga na dteaghlaigh agus na bpobal Gaeiltachta.”

Polasáí don Oideachas Gaeiltachta 2017-2022, lch. 7

Gaeiloideachas

Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeiltachta

Tá Gaeiloideachas maoinithe ag Foras na Gaeilge chun seibhísí tacaíochta a chur ar fáil do scoileanna Gaeiltachta ag an mbunleibhéal agus ag an iarbhunleibhéal, ar a n-áirítear:

- Comhairle agus tacaíocht ó Oifigigh Forbartha Gaeiltachta agus ón ionadaíocht Gaeiltachta ar Bhord Stiúrtha Gaeiloideachas
- Cruinnithe agus cuairteanna comhairliúcháin le scoileanna Gaeiltachta
- Cur i láthair agus cruinnithe ar bhonn aonair do na boird bhainistíochta, foirne scoile agus tuismitheoirí scoileanna Gaeiltachta ar fheidhmíú an luath-thumoidéachais
- Forbairt ghairmiúil leanúnach a chur ar fáil tríd an Tionól Forbartha i gcomhar le COGG, agus trí sheimineáir oiliúna
- Forbairt ghairmiúil agus tacaíocht do scoileanna Gaeiltachta sa réimse Ríachtanais Speisialta Oideachais
- Guth na scoileanna Gaeiltachta a chur chun cinn trí ionadaíocht agus abhcóideacht a dhéanamh ar a gcuid ríachtanas



www.gaeiloideachas.ie



twitter.com/gaeiloid



[Facebook.com/gaeiloideachas](https://facebook.com/gaeiloideachas)

An bhfuil ceisteanna eile agat?

Oifigigh Forbartha Gaeiltachta:

Niamh De Búrca | 087 915114 | niamh@gaeliscollannate

Peigi Ní Chonghaile | 087 9452452 | peigi@gaeliscollannate

Príomh Oifig:

01 8535195 | oifig@gaeliscollannate

Tá eolas cuimsitheach maidir leis an eagraíocht agus an córas oideachais lán-Ghaeilge ar fáil ar www.gaeiloideachas.ie, agus foilsítear ábhar go rialta ar [Twitter.com/gaeiloideachas](https://twitter.com/gaeiloideachas) agus [Facebook.com/gaeiloideachas](https://facebook.com/gaeiloideachas) chomh maith.